Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11943/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0542 (COD)**

**JAI 1123**
**COSI 144**
**CRIMORG 145**
**ENFOPOL 285**
**ENFOCUSTOM 123**
**CT 100**
**IXIM 171**
**CORDROGUE 99**
**CIVCOM 211**
**HYBRID 100**
**CYBER 218**
**JAIEX 82**
**CADREFIN 129**
**CODEC 1086**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 542 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 542 final.

Faoi iamh: COM(2025) 542 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 542 final

2025/0542 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí

I gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin le haghaidh 2024-2029, tá an tAontas tiomanta d'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine a bhaint amach. Rinne an Coimisiún obair leantach ar an ngealltanas sin tríd an Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach a ghlacadh an 1 Aibreán 2025, straitéis arb é is aidhm di ionchais na saoránach i réimse na slándála a chomhlíonadh, trína gcosaint ar bhagairtí coireachta éagsúla a d'fhéadfadh a bheith de thionscnamh lasmuigh den Aontas freisin. Soláthraítear leis creat cuimsitheach chun an tslándáil inmheánach a neartú, creat ar gá tacú leis le gníomhaíochtaí nithiúla i gcoinne bagairtí hibrideacha, cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar bhonneagar criticiúil, amhail idirnascairí fuinnimh nó cáblaí cumarsáide trasteorann, agus slabhraí soláthair, líonraí coireachta eagraithe, bagairtí sceimhlitheoireachta, antoisceachas agus radacú, chomh maith le cibirionsaithe, agus ionramháil eachtrach faisnéise.

Chuige sin, ní mór tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit, laistigh de chreat maoinithe atá comhleanúnach ach solúbtha, lena leabaítear príomhghnéithe an chur chuige nua agus lena ndírítear ar bhearta bunriachtanacha a chuireann breisluach Aontais ar fáil. Bearta chun comhordú agus comhar idir údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile a fheabhsú, ba cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfianaise a ábhartha atá siad sna réimsí a bhaineann leis an gcoireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac. Tá comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise, ríthábhachtach freisin chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac.

Is lom an radharc ar bhagairt slándála an Aontais agus tá gné thrasteorann bhunúsach ag baint leis. Is bagairt mhéadaitheach don Aontas grúpaí coiriúla eagraithe cumhachtacha, grúpaí atá á gcothú ar líne agus atá i mbun an geilleagar dleathach á insíothlú trí úsáid a bhaint as a sócmhainní aindleathacha. Thairis sin, tá an sceimhlitheoireacht fós ina bagairt don Aontas, agus tá géarchéimeanna réigiúnacha ina gcúis léi freisin. An tráth céanna, tá sé léirithe go bhfuil bagairtí hibrideacha ó ghníomhaithe eachtracha naimhdeacha ina gcúis imní atá ag teacht chun cinn, rud a bhfuil iarracht leanúnach ag teastáil ina leith. Ar deireadh, is cúis imní í an gháinneáil ar dhaoine leochaileacha. D'fhéadfadh gáinneálaithe dul i mbun coireanna trasteorann freisin, amhail smuigleáil nó an gháinneáil ar dhrugaí agus ar airm thine. Chuige sin, tá gá le freagairt láidir chomhordaithe ón Aontas, bunaithe ar chur chuige iomlánaíoch, lena gcomhthiomsaítear le chéile le gníomhaithe ábhartha, amhail earnáil thionsclaíoch na hEorpa agus an tsochaí shibhialta, agus lena gcuimsítear roinnt réimsí beartais, lena n-áirítear gníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, ní mór breithnithe slándála a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i reachtaíocht, beartais agus cláir uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Ba cheart comhar agus cistiú gníomhaíochtaí atá ábhartha don tslándáil inmheánach i dtríú tíortha nó i ndáil le tríú tíortha a bheartú, agus comhleanúnachas agus comhlántacht iomlán leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) [...] [an Eoraip Dhomhanda] á n-áirithiú ag an am céanna.

Tá sé d'aidhm ag an togra aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le tuilleadh solúbthachta i mbainistiú na tacaíochta ón Aontas, lena n-áirítear treoshuíomh feidhmíochta níos láidre, mar

aon le simpliú feabhsaithe le haghaidh na ngníomhaithe uile a bhfuil ról acu ina cur chun feidhme. Chuige sin, forfheidhmítear comhlántacht dhian leis an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus tugtar isteach sásraí nua chun cistiú ón Aontas a leithdháileadh agus a chur chun feidhme le haghaidh bainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Ós rud é go mbíonn dúshláin i réimse na slándála inmheánaí ag teacht chun cinn de shíor, is gá freisin freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Aontais ag baint leo, go háirithe trí Shaoráid AE lena gcuirtear solúbthacht ar fáil i mbainistiú na tacaíochta ón Aontas.

Leis an togra reatha, mar aon leis an togra le haghaidh Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, imirce agus lánpháirtíocht agus an togra le haghaidh Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don limistéar Schengen, do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas maidir le víosaí, soláthraítear an creat dlíthiúil sonrach le haghaidh gníomhaíocht ón Aontas maidir le réimse bhainistiú éifeachtúil na himirce, le réimse an bhainistithe éifeachtúil teorainneacha san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha, le limistéar Schengen agus leis an bheartais víosaí Eorpaigh a fheidhmíonn go maith, agus leis an tslándáil inmheánach. Comhlánaíonn na trí Rialachán sin a chéile agus comhlánaíonn siad an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, trína ndéanfar iad a chur chun feidhme.

Cuireann an Rialachán atá beartaithe le Rialachán (AE) 2021/1149[1] agus forbairtí nua beartais agus an gá freagairt sholúbtha a sholáthar do dhúshláin atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an tslándáil inmheánach, laistigh den Aontas agus i gcomhar le tíortha eile araon, á gcur san áireamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Oibreoidh tacaíocht an Aontais don tslándáil inmheánach i ndlúthchomhlántacht leis na beartais eile faoi raon feidhme an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus ar an gcaoi sin cothófar sineirgí idir na beartais sin. Mar sin féin, tá gá le gníomhaíocht ar fud raon iomlán na n-uirlisí atá ar fáil dó chun beartas níos déine de chuid an Aontais maidir leis an tslándáil inmheánach a bhaint amach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí gníomhaireachtaí díláraithe ábhartha de chuid an Aontais.

Tá ról tábhachtach méadaitheach ag na sé Ghníomhaireacht dhíláraithe um Ghnóthaí Baile (Frontex, Europol, EUAA, eu-LISA, EUDA agus CEPOL) i gcur chun feidhme na mbeartas Gnóthaí Baile. Tá sé fíor-riachtanach comhleanúnachas a áirithiú idir straitéisí beartais a leagtar amach ar leibhéal an Aontais agus gníomhaíochtaí oibríochtúla na ngníomhaireachtaí díláraithe, agus ar an gcaoi sin an rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais ón gcistiú ón Aontas a sholáthraítear do na gníomhaireachtaí díláraithe a uasmhéadú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá ann ról oibríochtúil na ngníomhaireachtaí díláraithe a neartú tuilleadh, agus méadú comhfhreagrach ar chistiú a bheith ag gabháil leis.

[1] Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 94).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Braitheann an tslándáil inmheánach ar shineirgí agus ar chomhleanúnachas le beartais ábhartha an Aontais amhail imirce agus bainistiú teorainneacha, ceartas, agus beartais sheachtracha an Aontais a thacaíonn le tríú tíortha, go háirithe faoi Rialachán (AE) [an Eoraip Dhomhanda], lena gcumhdaítear raon leathan réimsí a bhfuil naisc thábhachtacha acu le beartais inmheánacha, lena n-áirítear an tslándáil inmheánach. Thar aon ní eile, ba cheart an tacaíocht ón Aontais do ghné sheachtrach na slándála inmheánaí a bheith curtha ar fáil leis an Eoraip Dhomhanda. Chun tacú leis an gclár oibre iomaíochais, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar infheistíochtaí atá bunaithe ar mhodhanna nuálacha nó ar theicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear bearta arb é is aidhm dóibh toradh tionscadal taighde arna gcistiú ag an Aontas a thástáil agus a bhailíochtú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go 'gcuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac'.

Tugtar údar cuí do ghníomhaíocht an Aontais ar fhorais na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 67 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina leagtar amach modh chun limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú. Dírítear aird freisin ar Airteagal 80 de CFAE, lena sonraítear go mbeidh na beartais sin de chuid an Aontais agus a gcur chun feidhme faoi rialú ag prionsabal na dlúthpháirtíochta agus chomhroinnt chóir na freagrachta, lena n-áirítear na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leis, idir na Ballstáit.

Tá an Rialachán seo bunaithe ar Airteagal 82(1), Airteagal 84 agus Airteagal 87(2) de CFAE, ar bunúis dlí chomhoiriúnacha iad i bhfianaise na rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le cinnteoireacht faoi Theideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Geoiméadracht athraitheach**

Tá an Rialachán seo bunaithe ar bhunúis dlí faoi Theideal V de Chuid a Trí CFAE, maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Mar thoradh air sin, tá cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Danmhairg agus Éire faoi réir forálacha speisialta a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 21 agus i bPrótacal Uimh. 22 atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh beart arna moladh de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE ag an gComhairle, agus níl bearta den sórt sin ina gceangal ar an Danmhairg ná infheidhme inti.

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21, níl Éire rannpháirteach i nglacadh beart arna moladh de bhun Theideal V de Chuid a Trí de CFAE ag an gComhairle, agus níl bearta den sórt sin ina gceangal ar Éirinn ná infheidhme inti. Féadfaidh Éire a chinneadh a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm aon bhirt bheartaithe den sórt sin, áfach. Ina theannta sin, tráth ar bith tar éis beart den sórt sin a ghlacadh, féadfaidh Éire glacadh leis an mbeart, faoi réir chur i gcrích na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní fhéadfaidh na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú astu féin, de bhrí gur de chineál trasteorann atá na dúshláin agus nach bhfuil siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát. Cruthaíonn tacaíocht ón Aontas breisluach trí chur chuige coiteann a chur chun cinn ar fud na mBallstát agus *acquis* agus caighdeáin an Aontais á gcur chun feidhme acu, agus trí chomhar agus malartú tráthúil faisnéise idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna trasnáisiúnta a chothú.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a luaitear faoi roinn 1 a bhaint amach. Tagann sé faoin raon feidhme le haghaidh gníomhaíochta sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, mar a shainítear i dTeideal V de CFAE. Tá na cuspóirí agus an tacaíocht chomhfhreagrach ón Aontas comhréireach lena bhfuil sé d'aidhm ag an tacaíocht ón Aontas a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is é an ionstraim is iomchuí chun an togra reatha a oibriú Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 agus lena gcomhlánaítear an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Deimhnítear le réamhthorthaí na meastóireachta *ex post* leanúnaí ar an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI-P) le haghaidh na clárthréimhse 2014-2020 gur rannchuidigh an Ciste Slándála Inmheánaí le feabhas a chur ar chumas na mBallstát an choireacht trasteorann, thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, agus le feabhas a chur ar chumas na mBallstát rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil a bhainistiú. Tá sé cruthaithe go bhfuil an Ciste Slándála Inmheánaí éifeachtúil agus go bhfuil sásraí éifeachtacha bainistíochta agus rialaithe léirithe aige chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Leis an gCiste Slándála Inmheánaí, tugadh isteach roinnt athruithe arb é is aidhm dóibh bainistiú an Chiste Slándála Inmheánaí a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Is é réamhchonclúid na meastóireachta, d'ainneoin roinnt dul chun cinn, go bhfuil gá le céimeanna breise chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun a áirithiú go mbeidh próisis riaracháin comhréireach leis an gcistiú a chuirtear ar fáil.

Deimhnítear le réamhthorthaí na meastóireachta meántéarma ar an gCiste Slándála Inmheánaí le haghaidh na clárthréimhse 2021-2027 go bhfuil feabhsuithe móra tagtha ar an gcreat faireacháin agus meastóireachta le haghaidh an Chiste Slándála Inmheánaí i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2020. Leanann na Ballstáit de bheith ag tuairisciú ualach mór riaracháin. Le roghanna costais simplithe, cuidíodh leis an ualach riaracháin a laghdú, ach ní chuirtear a gcur chun feidhme i bhfeidhm go córasach chun caiteachas a bharrfheabhsú. Measadh go raibh ailtireacht an Chiste Slándála Inmheánaí oiriúnach don fheidhm, ós rud é gur chuir sé feabhas ar chomhleanúnachas inmheánach trí chomhlántacht a chothú thar chomhpháirteanna. Measadh freisin go raibh an Ciste Slándála Inmheánaí comhleanúnach leis an gCiste um

Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus leis an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí faoi na Cistí Gnóthaí Baile, Cistí eile de chuid an Aontais, go háirithe Fís Eorpach, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Clár um Cheartas chomh maith le cláir eile is infheidhme maidir le hearnálacha tionsclaíocha ábhartha na hEorpa agus leis an tsochaí shibhialta amhail Clár an Mhargaidh Aonair nó an Clár don Eoraip Dhigiteach. Is é conclúid na meastóireachta gur thug an Ciste Slándála Inmheánaí aghaidh ar na riachtanais a raibh sé i gceist aghaidh a thabhairt orthu agus go raibh sé in ann freagairt do dhúshláin agus d'fhorbairtí nua sa réimse beartais. Tá creat aontaithe cothaithe ag an gCiste Slándála Inmheánaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála inmheánaí trasteorann, tá malartú eolais spreagtha aige, agus tá dea-chleachtas curtha chun cinn aige. Le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht trí Shaoráid Théamach an Chiste Slándála Inmheánaí, gineadh ard-bhreisluach AE, ardchomhar oibríochtúil idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha, comhar le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus le páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus ó earnáil na sochaí sibhialta freisin. Mar is amhlaidh i gcás na hIonstraime um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, is é conclúid na meastóireachta go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh maidir le seachadadh an chistithe a shimpliú, agus míniú níos fearr a thabhairt d'Údaráis Bhainistíochta maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcreat feidhmíochta rannchuidiú le bainistiú éifeachtúil na gclár.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na páirtithe leasmhara le linn phróiseas an tionscnaimh, go háirithe trí imeachtaí tiomnaithe agus gníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí, mar a shonraítear sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Saineolas seachtrach**

Soláthraítear faisnéis faoi úsáid shaineolas seachtrach an Choimisiúin sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Measúnú tionchair**

Soláthraítear faisnéis faoin Measúnú tionchair ón gCoimisiún sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Simpliú**

Tá coinne leis go rannchuideoidh an tionscnamh le laghdú mór ar an ualach riaracháin agus ar na costais riaracháin, mar aon le héifeachtúlacht fheabhsaithe i gcur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas, féach freisin an chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

- **Cearta bunúsacha**

Cuirfear an tacaíocht ón Aontas chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabal an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a)

de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, féach freisin an roinn chomhfhreagrach i Meabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí faoin tacaíocht ón Aontas socraithe ag EUR 6,843,331,500 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha maidir leis na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh na Ballstáit an tacaíocht ón Aontas faoin togra seo chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte agus cuirfidh an Coimisiún chun feidhme í trí bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, ní a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán (AE) […] lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais buiséid agus feidhmíochta agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 den Rialachán atá beartaithe, sainmhínítear raon feidhme na tacaíochta ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Chuige sin, tugtar sainmhínithe fíor-riachtanacha in Airteagal 2, agus sainítear ceithre chuspóir in Airteagal 3, cuspóirí a bhainfear amach leis an tacaíocht ón Aontas a sholáthrófar faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...]. Tagraíonn na cuspóirí sin do réimsí chumais an Aontais agus na mBallstát chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac; Athléimneacht na mBallstát in aghaidh bagairtí hibrideacha agus gníomhaíochtaí naimhdeacha eile; malartú faisnéise i measc gníomhaithe ábhartha; comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí.

In Airteagal 4, leagtar síos sa togra forálacha maidir le maoiniú na tacaíochta ón Aontas.

Leagtar síos forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 5. Socraítear dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe in Airteagal 6, ina sonraítear go mbeidh an Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus go mbeidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí ón 1 Eanáir 2028.

2025/0542 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 82(1), 84 agus 87(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[4],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tslándáil inmheánach ríthábhachtach chun sábháilteacht na saoránach a áirithiú, chun a gcearta bunúsacha a chosaint agus chun neart ár ngeilleagar, ár sochaithe agus ár ndaonlathas a chothú, maille leis an muinín astu. Cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát í an tslándáil náisiúnta i gcónaí, teastaíonn comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais chun í a chosaint. Cuspóir an Aontais maidir le hardleibhéal slándála a áirithiú laistigh de limistéar saoirse, slándála agus ceartais de bhun Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart é a bhaint amach trí bhearta arb é is aidhm dóibh an choireacht, an ciníochas agus an tseineafóibe a chosc agus a chomhrac agus trí bhearta maidir le comhordú agus comhar idir údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile.

(2) Iarracht chomhroinnte is ea an tslándáil inmheánach, iarracht ar cheart d'institiúidí an Aontais, do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais agus do na Ballstáit rannchuidiú léi go comhpháirteach. Chun rannchuidiú le hAontas Slándála éifeachtach dílis a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ba cheart tacaíocht airgeadais leordhóthanach a chur ar fáil do na Ballstáit. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas sin ar fáil faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna mbunú le Rialachán (AE) [...].

(3) Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí na tacaíochta ón Aontas. Chun gur féidir ardleibhéal slándála a bhaint amach ar fud an Aontais ar an mbealach is fearr is féidir, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtugtar aghaidh ina bPleananna

[2] IO C , , lch. .
[3] IO C , , lch. .
[4] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an […] agus seasamh na Comhairle an […].

Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ar gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo.

(4) Ba cheart don Choimisiún na méideanna atá le leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit a leagan amach i gcomhréir leis an modheolaíocht leithdháilte a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil trí aon chinneadh cur chun feidhme amháin. De ghnáth, ba cheart a chumhdach sa chinneadh sin freisin na méideanna faoi Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, faoi Rialachán (AE) […] lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas don tearmann, imirce agus lánpháirtíocht, agus Rialachán (AE) […] lena mbunaítear tacaíocht ón Aontas do limistéar Schengen, do bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip agus don chomhbheartas maidir le víosaí.

(5) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart cur leis na torthaí agus na hinfheistíochtaí i réimse na slándála inmheánaí ó na clárthréimhsí roimhe sin, mar atá: an clár um an gCoireacht a Chosc agus a Chomhrac, an clár um an Sceimhlitheoireacht agus rioscaí Slándáilbhunaithe eile a Chosc, Ullmhú Dóibh agus a n-Iarmhairtí a Bhainistiú le haghaidh na tréimhse 2007-2013, agus an ionstraim um an gcomhar póilíneachta chun an choireacht a chosc agus a chomhrac agus um ghéarchéimeanna a bhainistiú mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2014-2020, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], agus an Ciste Slándála Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2021-2027, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(6) I bhfianaise bagairtí slándála agus na timpeallachta geopholaitiúla atá ag athrú go tapa, shainigh an Coimisiún na tosaíochtaí coiteanna le haghaidh Eoraip níos sábháilte agus níos sláine sa 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach'[7]. Tá athrú nach beag tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil san Eoraip, agus tá tionchar ollmhór aige ar idirnascthacht shlándáil inmheánach agus sheachtrach an Aontais. Tá bagairtí slándála ag éirí níos domhanda agus níos casta, rud a eascraíonn as cumas coirpeach oibriú thar theorainneacha, leas a bhaint as éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus dul i ngleic leis an saol fisiciúil agus an saol digiteach. An tráth céanna, le teicneolaíochtaí digiteacha nua agus leis an intleacht shaorga, cuirtear deiseanna nach beag ar fáil chun cumais forfheidhmithe dlí a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí atá ag athrú go tapa.

(7) Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart díriú ar ghníomhaíochtaí a bhféadfadh idirghabháil an Aontais breisluach a chur ar fáil ina leith i gcomparáid le

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 513/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste Slándála Inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac agus do bhainistíocht géarchéime agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2007/125/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/513/oj)).

[6] Rialachán (AE) 2021/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 194, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1149/oj).

[7] Teachtaireacht COM(2025) 148 final ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 1 Aibreán 2025 maidir le Protect EU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach.

gníomhaíochtaí a dhéanfadh na Ballstáit leo féin. Toisc go bhfuil gné thrasteorann ag baint leis an tslándáil, tá gá le freagairt láidir chomhordaithe ón Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart do Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs na Straitéise Eorpaí um an tSlándáil Inmheánach. I gcomhréir leis na tosaíochtaí comhroinnte a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais chun ardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas, ba cheart baint a bheith ag an tacaíocht ón Aontas le bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na príomhbhagairtí slándála agus, go háirithe, ar an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an chibearchoireacht.

(8) Maidir le bearta na mBallstát i réimse chosc na coireachta, oiliúint chomhpháirteach na foirne, agus an chomhair póilíneachta, chomh maith leis an gcomhar bhreithiúnach in ábhair choiriúla lena mbaineann údaráis inniúla na mBallstát agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise, comhar oibríochtúil méadaithe agus tacaíocht le haghaidh iarrachtaí riachtanacha cumais a neartú ar mhaithe leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc, ba cheart iad| a mhaoiniú leis an tacaíocht ón Aontas. Maidir le costais oibriúcháin agus gníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmeanna riachtanacha na mBallstát i dtaca leis an ord poiblí a choinneáil ar bun agus an tslándáil inmheánach agus náisiúnta a chosaint, níor cheart na nithe sin a chumhdach leis an tacaíocht ón Aontas.

(9) Is í an tslándáil an bhunchloch ar a bhfuil ár saoirsí uile tógtha agus tá cumas na mBallstát an tslándáil a ráthú do na saoránaigh ag brath ar chur chuige aontaithe Eorpach. Mar a leagtar amach sa straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, ní mór breithnithe slándála a chomhtháthú agus a phríomhshruthú i reachtaíocht, beartais agus cláir uile an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais. Ba cheart don tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar na breithnithe sin.

(10) Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025[8], mheabhraigh an Chomhairle Eorpach gur bagairt mhór ar líne agus as líne araon do shaoránaigh na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát atá sa choireacht thromchúiseach agus eagraithe, sa sceimhlitheoireacht, sa radacú agus san antoisceachas foréigneach. Leag an Chomhairle Eorpach béim freisin ar an mbagairt a bhaineann le hinsíothlú coiriúil ar struchtúir dhlíthiúila gnó a bhfuil tionchar díobhálach aige ar an airgeadas poiblí agus ar an Margadh Aonair. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit na hacmhainní uile atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear gníomhaíocht maidir le rochtain éifeachtach ar shonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, gníomhaíocht chun malartú faisnéise a áirithiú, agus gníomhaíocht trí chomhar le tríú tíortha.

(11) Chun bagairtí slándála inmheánaí a chosc agus a chomhrac, ba cheart, leis an tacaíocht ón Aontas, na nithe seo a leanas a neartú: cumais na mBallstát chun an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach agus an radacú, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin dhigiteacha agus theicneolaíocha slándála, athléimneacht bagairtí

[8] Conclúidí ón gComhairle, EUCO 12/25 an 26 Meitheamh 2025.

bonneagair chriticiúil ar líne, bagairtí slándála sa réimse muirí, an gháinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an gháinneáil ar dhrugaí aindleathacha, an gháinneáil ar airm, sciúradh airgid, aisghabháil sócmhainní agus coireacht airgeadais, coireacht chomhshaoil, góchumadh modhanna íocaíochta agus coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, gníomhaíochtaí na mBallstát lena dtugtar cúnamh agus cosaint d'íospartaigh na coireachta, gníomhaíochtaí na mBallstát lena ndéantar spásanna poiblí a chosaint, agus lena dtugtar aghaidh ar bhagairtí slándála a bhaineann le CBRN-E agus lena ndéantar teagmhais a bhainistiú, agus ba cheart na nithe sin a neartú, mar shampla, trí chomhar agus malartú faisnéise méadaithe idir údaráis phoiblí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe príobháideacha i mBallstáit éagsúla. Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis na Ballstáit modhanna agus teicneolaíochtaí nuálacha a fháil agus a chur chun feidhme i réimse na slándála inmheánaí, go háirithe iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear Clár Réime an Aontais um Thaighde. Ina theannta sin, i bhfianaise na timpeallachta polaitiúla domhanda atá ag athrú, tá an ghné sheachtrach den limistéar saoirse, slándála agus ceartais ríthábhachtach. Dá bhrí sin, leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú freisin leis an gcomhar agus leis an gcomhpháirtíocht le tríú tíortha a neartú, rud a rachadh chun leas bheartais inmheánacha an Aontais.

(12) Leis an tacaíocht ón Aontas ba cheart rannchuidiú le comhsheasmhacht, comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir beartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais, i gcomhréir le príomhshruthú na slándála. Sa chomhthéacs sin, leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo ba cheart go háirithe rannchuidiú leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhrugaí, an gháinneáil ar dhaoine, agus líonraí smuigleála coiriúla trasteorann. Féadfar a chuimsiú sa tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo tacaíocht d'acmhainní ábhartha thoscaireachtaí an Aontais i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus féadfaidh sí a bheith comhordaithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag céimeanna an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme.

(13) Ós rud é go mbíonn dúshláin a bhaineann le réimse na slándála ag teacht chun cinn de shíor, is gá leithdháileadh na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a chur in oiriúint d'athruithe ar bhagairtí slándála inmheánaí agus seachtraí agus is gá cistiú a stiúradh i dtreo na dtosaíochtaí a bhfuil an breisluach Aontais is airde ag baint leo. Chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus d'athruithe ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Aontais, agus chun cistiú a stiúradh i dtreo gníomhaíochtaí a bhfuil ardleibhéal breisluacha Eorpaigh ag baint leo, ba cheart cuid den tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, chomhroinnte agus indíreach tríd an tSaoráid AE arna bunú de bhun Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil. Tá solúbthacht i gceist leis an tSaoráid AE maidir le bainistiú na tacaíochta ón Aontas agus, i gcás bainistíocht chomhroinnte, ba cheart an tacaíocht a chur chun feidhme trí Phleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí na mBallstát.

(14) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear eolas, saineolas agus taithí chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais san áireamh nuair a bheidh Pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha na mBallstát á bhforbairt agus nuair a bheidh bearta á gcur i bhfeidhm nó aghaidh á tabhairt ar dhúshláin i ndáil leis an

tslándáil inmheánach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann freisin ról a thabhairt do na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go gcomhlíonann na bearta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas *acquis* ábhartha an Aontais agus tosaíochtaí comhaontaithe an Aontais.

(15) Ní mór an tionchar a bhíonn ag cistiú ón Aontas a uasmhéadú trí acmhainní airgeadais poiblí agus príobháideacha a shlógadh, a chomhthiomsú agus a ghiaráil. Leis an tacaíocht ón Aontas, ba cheart cur chuige uile-shochaí a chur chun cinn, lena spreagfaí rannpháirtíocht ghníomhach fhónta na hearnála tionsclaíocha Eorpaigh, agus na sochaithe sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, i bhforbairt agus cur chun feidhme an bheartais slándála, i gcás inarb ábhartha le rannpháirtíocht gníomhaithe ábhartha eile, comhlachtaí de chuid an Aontais, gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus eagraíochtaí idirnáisiúnta i dtaca leis an tacaíocht ón Aontas. Ba cheart a áirithiú, áfach, nach mbainfear úsáid as tacaíocht ón Aontas chun cúraimí reachtacha nó poiblí a tharmligean chuig gníomhaithe príobháideacha.

(16) Ní mór don Eoraip a leas slándála a chosaint ar sholáthróirí a d'fhéadfadh a bheith ina riosca leanúnach slándála mar gheall ar an gcur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ó thríú tíortha chomh maith lena gcleachtais chibearshlándála. Dá bhrí sin, is gá an riosca go bhfanfar spleách i gcónaí ar sholáthróirí ardriosca sa mhargadh inmheánach a laghdú; toisc go bhféadfadh tionchair dhiúltacha thromchúiseacha a bheith acu ar an tslándáil d'úsáideoirí, do chuideachtaí agus d'údaráis ar fud an Aontais agus do bhonneagar criticiúil an Aontais i dtéarmaí sláine sonraí agus seirbhísí mar aon le hinfhaighteacht seirbhíse. Ba cheart an t-eisiamh sin a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca comhréireach agus ar bhearta maolaithe gaolmhara a shainmhínítear i mbeartais agus i ndlíthe an Aontais.

(17) Féadfaidh na Ballstáit cur le prionsabal na comhpháirtíochta maidir le cur chun feidhme na tacaíochta ón Aontas chun leanúnachas a áirithiú i gcur chuige an rialachais.

(18) Ba cheart gach gníomhaíocht a dtacaítear léi i gcomhréir leis an tacaíocht ón Aontas faoin Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail a chumhdaítear in *acquis* an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart í a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

(19) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(20) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, [*i litir dar dáta an …*], gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

NÓ

I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE)

agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar***

Leis an Rialachán seo, leagtar síos cuspóirí agus maoiniú na tacaíochta ón Aontas don tslándáil inmheánach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas ar fáil faoi rialacha cothrománacha an Chiste Eorpaigh um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil arna bhunú le Rialachán (AE) [...].

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'údaráis inniúla' údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, dá dtagraítear in Airteagal 87(1) de CFAE, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí;

(2) ciallaíonn 'cosc', a mhéid a bhaineann leis an gcoireacht, gach beart atá beartaithe chun an choireacht agus braistint neamhshláine saoránach a laghdú, nó rannchuidiú leis sin a dhéanamh ar chaoi eile, dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh 2009/902/CGB ón gComhairle[9];

(3) ciallaíonn 'malartú faisnéise' bealach slán ina ndéantar bailiú, stóráil, próiseáil, anailísiú, aistriú agus rochtain ar fhaisnéis atá ábhartha do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 87 de CFAE agus do Europol agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais i ndáil le cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta coiriúla, go háirithe an choireacht trasteorann thromchúiseach agus eagraithe, lena n-áirítear an chibearchoireacht agus an sceimhlitheoireacht;

(4) ciallaíonn 'coireacht eagraithe' iompar inphionóis a bhaineann le rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil, mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle[10];

(5) ciallaíonn 'sceimhlitheoireacht' aon cheann de na gníomhartha intinniúla agus na cionta dá dtagraítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11];

---

9 Cinneadh 2009/902/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/427/CGB (IO L 321, 8.12.2009, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/902/oj).

10 Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/841/oj).

(6) ciallaíonn ‘radacú’ próiseas céimnithe casta a mbíonn antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht mar thoradh air, agus, ina dtaobhaíonn duine aonair nó grúpa daoine aonair chuige le hidé-eolaíocht nó creideamh radacach a úsáideann nó a bhfuil glacadh aige le foréigean, lena n-áirítear gníomhartha sceimhlitheoireachta, chun sprioc shonrach pholaitiúil, reiligiúnach nó idé-eolaíoch a bhaint amach;

(7) ciallaíonn ‘cibearchoireacht’ coireanna ar gá go mbaineann a ndéanamh le córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (córais TFC), córais atá ina n-uirlisí chun na coireanna sin a dhéanamh nó atá mar phríomhspriocanna na coire (coireanna cibearbhunaithe), nó coireanna traidisiúnta ar féidir a méid agus a réimse a mhéadú trí úsáid a bhaint as ríomhairí, líonraí ríomhaireachta nó córais TF eile (coireanna cibearchumasaithe);

(8) ciallaíonn ‘comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí’ an comhar oibríochtúil idir údaráis dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 87(3) de CFAE nó oibriú na n-údarás inniúil i mBallstát amháin ar chríoch Ballstáit eile, dá dtagraítear in Airteagal 89 de CFAE;

(9) ciallaíonn ‘bagairt hibrideach’ gach gníomhaíocht dhíobhálach, lena n-áirítear ionramháil faisnéise, cibirionsaithe agus ionstraimiú imirceach, a phleanáiltear agus a dhéantar le hintinn mhailíseach ar bhealach comhordaithe agus é mar aidhm leis an bonn a bhaint de Bhallstát nó d’aon cheann dá institiúidí.

*Airteagal 3*

***Cuspóirí le haghaidh na tacaíochta ón Aontas don tslándáil inmheánach***

1. Chun ardleibhéal slándála inmheánaí a áirithiú san Aontas, rannchuideoidh an tacaíocht leis na cuspóirí seo a leanas:

*(a)* cumais an Aontais agus na mBallstát a neartú i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, agus bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna nuálacha agus teicneolaíochtaí nua i réimse na slándála inmheánaí;

*(b)* cumais na mBallstát a chothú trí athléimneacht eintiteas criticiúil i gcoinne gníomhartha naimhdeacha a fheabhsú, agus teagmhais, rioscaí agus géarchéimeanna a bhaineann leis an tslándáil a bhainistiú, agus trí chórais chumarsáide chriticiúla idir-inoibritheacha freisin;

*(c)* an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus, i gcás inarb iomchuí, le tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus páirtithe príobháideacha, agus taobh istigh díobh, a fheabhsú agus a éascú;

---

[11] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/541/oj).

(d) comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus a threisiú, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, idir údaráis inniúla i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe a chosc agus a chomhrac, ar líne agus as líne, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an chibearchoireacht, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí, bagairtí hibrideacha, agus i ndáil le saoránaigh agus spásanna poiblí a chosaint ar ionsaithe;

Cuirfear an tacaíocht ón Aontas chun feidhme ar bhealach a bheidh go hiomlán i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseofar gníomhaíochtaí chun gach ceann de chuspóirí na tacaíochta ón Aontas faoin Rialachán seo a bhaint amach i dtosaíochtaí a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, go mbeidh leithdháileadh acmhainní idir cuspóirí comhréireach leis na dúshláin agus riachtanais a sainaithníodh.

*Airteagal 4*

***Maoiniúchán***

1. Tá an t-imchlúdach airgeadais táscach do chur chun feidhme na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034 socraithe ag EUR 6,843,331,500 i bpraghsanna reatha. Cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha cothrománacha le haghaidh na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar síos i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun an méid in aghaidh an Bhallstáit a bhunú tríd an modheolaíocht leithdháilte a chur i bhfeidhm a leagtar amach i Roinn B, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

3. Ina theannta sin, maidir leis na leithreasuithe buiséadacha le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leithreasuithe a chuirtear chun feidhme tríd an tSaoráid AE faoi Theideal IV de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, bunófar iad faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE.

4. Maidir le bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, i gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann na bearta sin na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, agus i gcás ina molann an Coimisiún cinneadh cur

chun feidhme ón gComhairle lena bhformheastar Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, déanfaidh an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le formheas na mbeart sin.

5. Agus togra á dhéanamh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir leis na bearta a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo, leagfar síos sa togra ón gCoimisiún na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

6. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear in alt 4, de ghnáth, laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún agus in éineacht leis na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 23, mír (1) [*togra ón gCoimisiún agus cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle]* de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil.

7. Airteagal 24 de Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil maidir le Pleananna a leasú, beidh feidhm ag an Airteagal sin, ar choinníoll nach gcumhdófar leis an togra ón gCoimisiún agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena bhformheastar leasuithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 23(4) ach na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo.

*Airteagal 5*

***Forálacha idirthréimhseacha***

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na mbeart lena mbaineann arna dtionscnamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2021/1149, a mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

*Airteagal 6*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [fichiú] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |